C/2026/4926

18.9.2026

Bearta arna nglacadh ag an tSlóivéin i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus dá dtagraítear in aithris 1 de Chinneadh C(2026) 4980 final an 15 Iúil 2026

(C/2026/4926)

Uradni List RS (UL RS; Iris Oifigiúil Phoblacht na Slóivéine) Uimh. 104/2025 an 12 Nollaig 2025

3537. Cinneadh lena leagtar síos liosta mórimeachtaí le haghaidh na craoltóireachta teilifíse, leathanach 11915.

De bhun Airteagal 34a(1) den Acht um Sheirbhísí Meán Closamhairc (UL RS Uimhreacha 87/11, 84/15 agus 204/21), ghlac Rialtas Phoblacht na Slóivéine an

CINNEADH

lena leagtar síos liosta mórimeachtaí le haghaidh na craoltóireachta teilifíse

Airteagal 1

Leis an gCinneadh leagtar síos liosta mórimeachtaí le haghaidh na craoltóireachta teilifíse (dá ngairtear an Liosta anseo feasta).

Airteagal 2

Cuimsítear sa Liosta imeachtaí a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 34a(2) den Acht um Sheirbhísí Meán Closamhairc (UL RS Uimhreacha 87/11, 84/15 agus 204/21) agus a liostaítear san Iarscríbhinn, ar dlúthchuid den Chinneadh seo í.

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 3

An lá a thiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm, scoirfidh an Cinneadh lena leagtar síos liosta mórimeachtaí le haghaidh na craoltóireachta teilifíse (UL RS Uimh. 120/22) d'fheidhm a bheith aige.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil Phoblacht na Slóivéine.

Liúibleána, an 11 Nollaig 2025

Uimh. 00704-351/2025

EVA 2025-3340-0020

Rialtas Phoblacht na Slóivéine
Dr Robert GOLOB
Príomh-Aire

IARSCRÍBHINN

Liosta mórimeachtaí le haghaidh na craoltóireachta teilifíse

Sraith-uimhir	Spórt/réimse	Imeacht	Modh craolacháin closamhairc
1	Cluichí Oilimpeacha an tSamhraidh agus an Gheimhridh	Imeachtaí uile Chluichí Oilimpeacha an tSamhraidh agus an Gheimhridh ina mbíonn foireann náisiúnta na Slóivéine nó lúthchleasaí Slóivéanach amháin nó níos mó páirteach.	Craoltar na himeachtaí beo ina n-iomláine nó i bpáirt. Mura bhfuil craoladh beo indéanta go teicniúil toisc go bhfuil dhá imeacht nó níos mó ar siúl ag an am céanna, féadfar iad a chraoladh ar bhonn moillithe feisin.
2	Sacar	— Corn Domhanda na bhFear – na cluichí uile a imríonn foireann náisiúnta na Slóivéine, an cluiche oscailte, na cluichí leathcheannais, an cluiche tríú háit agus an cluiche ceannais — cluichí cáilithe uile an Choirn Dhomhanda a imríonn foireann fear na Slóivéine — craobhchomórtas Eorpach UEFA na bhfear – na cluichí uile a imríonn foireann náisiúnta na Slóivéine, an cluiche oscailte, na cluichí leathcheannais, an cluiche ceannais — cluichí cáilithe uile Chraobhchomórtas Eorpach UEFA a imríonn foireann fear na Slóivéine — Sraith Curadh UEFA na bhfear – na cluichí uile ina mbíonn clubanna ón tSlóivéin páirteach — Sraith Europa UEFA na bhfear – na cluichí díbeartha uile ina mbíonn clubanna ón tSlóivéin páirteach	Craoltar na himeachtaí beo ina n-iomláine.
3	Sciáil – disciplíní na Cónaidhme Idirnáisiúnta Sciála agus Clársciála (FIS) agus dé-atlan	— Craobhchomórtas Domhanda Sciála Alpaí FIS, Craobhchomórtas Domhanda Sciála Nordaí FIS, agus Craobhchomórtas Domhanda Eitilte Sciála FIS — Craobhchomórtas Domhanda Dé-Atlain an Aontais Idirnáisiúnta Dé-Atlain (IBU) — comórtais Chorn Domhanda Sciála Alpaí FIS agus Chorn Domhanda Léimní Sciála FIS — comórtais Chorn Domhanda Dé-Atlain IBU — comórtais uile an Choirn Dhomhanda i ngach spórt geimhridh eile (FIS) a reáchtáiltear sa tSlóivéin	Craoltar na himeachtaí beo ina n-iomláine. Mura bhfuil craoladh beo indéanta go teicniúil toisc go bhfuil dhá imeacht nó níos mó ar siúl ag an am céanna, féadfar iad a chraoladh ar bhonn moillithe feisin.
4	Cispheil	— Corn Domhanda na bhFear agus Craobhchomórtas nEorpach na bhFear: na cluichí uile a imríonn foireann náisiúnta na Slóivéine	Craoltar na himeachtaí beo ina n-iomláine.
5	Liathróid láimhe	— Corn Domhanda na bhFear agus na mBan agus Craobhchomórtas nEorpach na bhFear agus na mBan: na cluichí uile a imríonn foireann náisiúnta na Slóivéine	Craoltar na himeachtaí beo ina n-iomláine.
6	Eitpheil faoi dhíon	— Corn Domhanda na bhFear agus Craobhchomórtas nEorpach na bhFear: na cluichí uile a imríonn foireann náisiúnta na Slóivéine	Craoltar na himeachtaí beo ina n-iomláine.

Sraith-uimhir	Spórt/réimse	Imeacht	Modh craolacháin closamhairc
7	Rothaíocht bhóthair	— rás bóthair scothaicme Chraobhchomórtas UCI an Domhain sa Rothaíocht Bhóthair má bhíonn rothaí Slóivéanach amháin nó níos mó páirteach ann – an chéim dheiridh den rás; *Tour of Slovenia* – deireadh na gcéimeanna agus an chéim dheiridh — Tour de France, má bhíonn rothaí Slóivéanach amháin nó níos mó páirteach ann – deireadh na gcéimeanna agus an chéim dheiridh	Craoltar na himeachtaí agus codanna de na himeachtaí beo.